



Ciorclán 0027/2022

**Chuig: Na hÚdaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí
Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus
Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.**

**SCÉIM DEONTAIS DON Bhonneagar ICT – SCOILBHLIAIN
2021/2022**

Réamhrá agus Cuspóir

Faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 ag Feabhsú Teagaisc, Foghlaim agus Measúnú, eisíodh €210m de mhaoiniú idir 2016 agus 2020 iniatach. Beidh infheistíocht de thart ar €200m san áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 mar thaca don Straitéis Dhigiteach nua do Scoileanna 2021-2027, a chuirfidh leis an dul chun cinn a rinneadh faoin Straitéis Dhigiteach roimhe seo.

Tá €50m á eisiúint anois i bhfoirm íocaíocht deontais do gach scoil incháilithe don scoilbhliain reatha.

Tá eolas ar chúlra na scéime seo, na rátaí agus incháilitheacht don mhaoiniú seo, leagtha amach thíos. Eiseofar an íocaíocht seo chuig cuntais bhainc na scoile. **Ní chaitfidh scoileanna cur isteach ar an maoiniú deontais seo.**

Is féidir le scoileanna tosaíocht a thabhairt do phleananna caiteachais don deontas seo, más gá, chun dul i ngleic le riachtanais TFC a aithníodh i gcomhthéacs na géarchéime sláinte poiblí reatha. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo ceannach gléasanna tfc is féidir a roinnt le daltaí laistigh den scoil agus le daltaí nach bhfuil rochtain acu ar ghléasanna lasmuigh den scoil, agus chun leanúnachas foghlama a chumasú ba chóir go mbeadh gá le scoil a bheith dúnta go hiomlán nó go páirteach ar bhonn sealadach, nó soláthar a dhéanamh do na foghlaimeoirí sin a bhféadfadh go mbeadh orthu aonrú ar feadh tréimhse.

Is féidir an maoiniú seo a úsáid chun tacú le cur i bhfeidhm ceanglais de [Chiorclán 0074/2020](#), a éilíonn ar scoileanna ardán cumarsáide agus foghlama a chur ar bun, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do scoileanna chun úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, don bhfoghlaim agus don mheasúnú a leabú go leanúnach.



Beidh scoileanna ábalta leas a bhaint as an maoiniú seo - i gcomhthéacs na staide reatha san Úcráin agus freagairt dhaonnúil na hÉireann ar an ngéarchéim maidir le dídeanaithe a ghlacadh - d'fhonn tacaíocht a thabhairt do leanaí ón Úcráin a thagann go hÉirinn le bonneagar teicneolaíochta digití. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo gléasanna iasachta do leanaí ón Úcráin sa scoil más gá, chomh maith le bogearraí, aipeanna agus uirlisí cuí a sholáthar chun tacú lena gcuid foghlama.

Straitéis Dhigiteach do Scoileanna

Tá beartas na Roinne maidir le tógáil ar leabú teicneolaíochtaí digiteacha san oideachas leagtha amach sa [Straitéis Dhigiteach nua do Scoileanna 2021-2027](#). Tógfaidh an Straitéis nua ar an dul chun cinn atá déanta faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 chun Teagasc, Foghlaim agus Measúnú a Fheabhsú.

Is é príomhchuspóir na straitéise nua dul chun cinn breise a leabú maidir le hacmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha chun eispéiris foghlama na mac léinn a athrú agus cabhrú leo príomhscileanna digiteacha a fhorbairt chun a rannpháirtíocht sa tsochaí agus sa gheilleagar a éascú mar aistriú go dtí breisoideachas agus ardoideachais agus don saol oibre.

Chun an cuspóir seo a bhaint amach beidh gá le soláthar leanúnach maoinithe chun tacú le scoileanna infheistíocht a dhéanamh ina mbonneagar TFC agus é a chothabháil, rud a leanfaidh mar thosaíocht sa Straitéis nua.

Gnéithe den Scéim Deontais

Pleanáil:

- Beidh cur chuige cúig bliana ag an scéim Deontais TFC, bunaithe ar €200m geallta faoin GTI thar thréimhse na Straitéise. Éascaíonn an cur chuige seo pleanáil ilbhliantúil ag scoileanna.
- Caithfidh Plean Foghlama Digiteach a bheith ag gach scoil, bunaithe ar chur chuige sa scoil uile agus a chomhthéacs agus a chúinsí á gcur san áireamh. Ba chóir go leagfadh an plean amach fíis na scoile maidir le leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú agus go n-áireofaí spriocanna agus gníomhartha le haghaidh feabhsaithe agus forbartha.
- Ba cheart an Plean Foghlama Digiteach a athbhreithniú agus a nuashonrú, go bliantúil ar a laghad, agus é a úsáid chun caiteachas an mhaoinithe deontais seo a threorú chun teicneolaíochtaí digiteacha a leabú i gcur chuige céimnithe agus soiléir chun torthaí foghlama a fheabhsú.



Maoiniú:

- Is féidir maoiniú a úsáid chun bonneagar a cheannach lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, ríomhairí teagasc, ríomhairí comhroinnte na mac léinn, teilgeoirí, trealamh líonraithe, uirlisí néalbhunaithe, ardáin foghlama, bogearraí agus feidhmchláir oideachais, trealamh eile atá deartha chun tacú le teagasc agus foghlaim sa scoil. I gcomhthéacs na géarchéime sláinte poiblí COVID-19 reatha, is féidir le scoileanna tosaíocht a thabhairt don mhaoiniú seo chun tacú le hiarrachtaí le haghaidh leanúnachas foghlama. Tá tuilleadh eolais maidir le míreanna is féidir a cheannach leis an maoiniú seo le fáil san aguisín.
- Is féidir an maoiniú a úsáid freisin chun cabhrú le scoileanna sonraíochtaí agus curaclaim nua athbhreithnithe a chur i bhfeidhm ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Is féidir é a úsáid freisin chun cabhrú le cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí foghlama ETIM.
- Baineadh úsáid as foirmle maoinithe caighdeánach a chuimsíonn cnapshuim ar ráta comhréidh agus méid per capita do gach dalta rollaithe chun an deontas atá dlite do gach scoil a ríomh.
- Baineann ráta feabhsaithe per capita le daltaí atá cláraithe in DEIS agus i scoileanna Speisialta agus le daltaí i suíomhanna príomhshrutha bunscoileanna speisialta
- Áirítear gach mac léinn a leanann cláir bhunscoile agus iar-bhunscoile, chun críocha per capita, i mbunscoileanna, scoileanna speisialta agus iar-bhunscoileanna aitheanta.
- Gheobhaidh iar-bhunscoileanna maoiniú de réir ráta 50%.
- Tacófar leis an scéim trí threoir theicniúil agus soláthair agus faisnéis a sholáthar do scoileanna agus dá gceannairí.
- Caithfear maoiniú a úsáid chun trealamh TFC a cheannach agus caithfidh scoileanna socruithe bunaithe soláthair poiblí a úsáid. Tá tuilleadh faisnéise ar threalamh cuí, agus saincheistanna soláthair, lena n-áirítear naisc ábhartha, leagtha amach in Aguisín A
- Ba choir taifid chaiteachais agus doiciméid tacaíochta a choinneáil agus a bheith ar fáil lena scrúdú más gá
- Ba choir do scoileanna a chinntiú go gcomhlíontar Ciorclán: 13/2014 Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontais ó Chistí Státchiste.

Eolas/Ceisteanna Breise

Tá faisnéis mhionsonraithe leagtha amach san Aguisín a ghabhann leis an gCiorclán seo.

Beidh nuashonruithe breise chun tacú leis an scéim ar fáil ar shuíomh Gréasáin an PDST-Teicneolaíocht san Oideachas, agus déanfar iad a nuashonrú go rialta bunaithe ar fhiosrúcháin agus aiseolas ó scoileanna.



Ba cheart fiosrúcháin maidir le feidhmiú na scéime deontais seo a sheoladh chuig ictpolicy@education.gov.ie.

Chris Kelly,
Príomhoifigeach
Beartas Oideachais an Mhúinteora- Digiteach
Nollaig 2021 (nó Eanáir 2022)



AGUISÍN A:

SCÉIM DEONTAIS DO BHONNEAGAR TFC – SCOILBHLIAIN 2021/2022

Maoiniú Deontais, Bainistíocht agus Comhlíonadh

- 1) Íocfar deontais faoin Scéim Infrastruchtúir TFC go díreach isteach i gcuntas bainc na scoile, bunaithe ar na critéir incháilitheachta atá leagtha amach. Ní gá do scoileanna cur isteach ar an maoiniú seo. Mar is amhlaidh i gcás gach cúnaimh deontais ón státchiste, ní mór d'údarás scoile a bheith in ann taifid mhionsonraithe a sholáthar ar an gcaoi ar caitheadh an maoiniú a cuireadh ar fáil faoin scéim seo. Ba chóir gach caiteachas a bhaineann leis an scéim a dheimhniú agus caithfidh scoileanna a bheith in ann a chruthú gur úsáideadh caiteachas ar bhonneagar digiteach atá ceadaithe faoin scéim. Ba chóir sonraisc agus admhálacha a choinneáil i gcás iniúchta iniúchadh ag an Roinn agus/nó ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá sé riachtanach do scoileanna sonraí meastacháin a fhaightear, sonraisc, admhálacha agus aon taifid oiriúnacha eile a choinneáil ar feadh tréimhse seacht mbliana. Caithfidh scoileanna, ar iarratas, ráiteas scríofa a sholáthar don Roinn faoi chaiteachas an deontais agus aon iarmhéideanna atá fágtha agus faisnéis ábhartha eile. Má dhúnann scoil go buan, ba chóir aon t-iarmhéid atá sa chuntas a thabhairt don Roinn ar an dáta a scoirfidh an scoil de bheith ag feidhmiú. Coimeádann an Roinn an ceart aici íocaíochtaí do scoileanna amach anseo a choinneáil siar de bharr neamhchomhlíonadh aon cheann de théarmaí na Scéime seo.
- 2) An bonneagar TFC a roghnaítear don cheannach a bheith i gcomhlíonadh de réir liosta leathan an bhonneagair údarás AIGH mar atá leagtha amach i Mír 3 den Aguisín seo.
- 3) Caithfidh scoileanna a chinntiú go gcomhlíontar Ciorclán: 13/2014, Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontais ó Chistí Státchiste. Déan tagairt le do thoil do: [DPER-Circular-13-14-Treoir-Nóta-agus-Tuairisciú-Riachtanais-1.pdf](#).

FSSU (Earnálacha neamh-ETB)

Tá riachtanas ar gach Bunscoil, Meánscoil Dheonach, Pobalscoil agus Scoil Chuimsitheach cuntais a chur faoi bhráid an Aonad Seirbhísí Tacaíocht Airgeadais (FSSU) gach bliain. Sásaíonn sé seo an ceanglas faoi Alt 18 den Acht Oideachais 1998 do scoileanna a gcuntais a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an Aire. Féadfaidh scoileanna a bheith faoi réir iniúchta ag an FSSU mar chuid dá chlár leanúnach oibre chun tacú le scoileanna ar chúrsaí rialachais airgeadais agus cur ar a gcumas fórlacha an Achta Oideachais 1998 a chomhlíonadh i dtéarmaí cuntasachta, trédhearcachta agus freagrachta airgeadais as cistí Stáit.



Scoileanna ETB

Bíonn na Ráitis Airgeadais Bliantúla an ETB á n- iniúchadh ag an C & AG agus cuirtear iad faoi bhráid Thithe an Oireachtais, agus tugann an tAonad Iniúchta Inmheánaigh don eanáil ETB dearbhú don Choiste Iniúchta na ETBs go bhfuil an córas rialaithe inmheánach curtha i bhfeidhm ag an mbainistíocht feidhmiúcháin dóthanach agus go bhfeidhmíonn sé go héifeachtach.

Samhail leithdháilte maoinithe a bhaineann leis an Deontas Bonneagair TFC don scoilbhliain 2021-2022

1. Gheobhaidh gach scoil, bunscoil, iar-bhunscoil agus scoil speisialta, cnapshuim de €2,000 (€1,000 i leith scoileanna a ghearrann táillí) in aghaidh na scoile.
2. Íocfar méid per capita mar a leanas:
 - a. €41.10 in aghaidh an dalta príomhshrutha ar na rollaí ar an 30ú Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais, i mbunscoileanna príomhshrutha,
 - b. €49.32 in aghaidh an dalta le riachtanais speisialta ar na rollaí ar an 30ú Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais, i ranganna speisialta ceangailte le scoileanna príomhshrutha, agus in aghaidh an dalta i scoileanna speisialta.
 - c. €45.21 in aghaidh an dalta ar na rollaí ar an 30ú Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais i mbunscoileanna i gcatagóir DEIS.
 - d. €49.32 in aghaidh an dalta ar na rollaí ar an 30ú Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais in iar-bhunscoileanna.
 - e. €54.25 in aghaidh an dalta ar na rollaí ar an 30ú Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais in iar-bhunscoileanna sa chatagóir DEIS.
 - f. €24.66 in aghaidh an dalta ar na rollaí ar an 30ú Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais in aghaidh an dalta i scoileanna a ghearrann táillí.

2. An Straitéis Dhigiteach a chur i bhfeidhm i scoileanna

Tógfaidh an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2021-2027 ar fhís na Straitéise roimhe seo maidir le leabú leanúnach na dteicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna na hÉireann 'chun acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha a fhíorú chun teagasc, foghlaim agus measúnú a fheabhsú ionas go mbeidh daoine óga na hÉireann ina smaointeoirí gníomhacha, foghlaimeoirí gníomhacha, cruthaitheoirí eolais agus saoránaigh dhomhanda chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar'. Leagann sé béim freisin ar ról an bhonneagair TFC maidir le tacú le cleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe i scoileanna.

Comhthéacs Scoile agus Pleanáil:

- Tá gach scoil uathúil agus mar sin caithfidh sí breathnú ar a cás faoi leith d'úsáid na teicneolaíochta digítí, lena n-áirítear cuspóirí agus tosaíochtaí.



- Ba chóir do scoileanna a chinntiú go ndéantar monatóireacht rialta ar a bPlean Foghlama Digiteach agus go ndéantar athbhreithniú air go bliantúil ar a laghad chun a chinntiú go léiríonn sé dul chun cinn atá déanta agus aon athruithe ar thosaíochtaí ó thaobh úsáid na teicneolaíochta digítí sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

Ba cheart go gcabhródh na ceisteanna athbhreithnithe ‘féinmheastóireachta scoile’ seo a leanas le scoileanna sa phróiseas:

1. Cén fhís atá ag ár scoil maidir le leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
2. An léiríonn ár bplean foghlama digiteach fíís na scoile agus na tosaíochtaí reatha maidir le leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
3. Cad iad ár láidreachtaí maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
4. Cad iad na réimsí atá le forbairt againn maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, foghlaim agus measúnú?
5. Cén chaoi a bhfuil ár bplean foghlama digiteach ailínithe leis an bpleanáil scoile uile agus le réimsí beartais eile? An féidir linn tosaíochtaí indéanta agus tosaíochtaí faoi cheangal ama a aithint inár bPlean Foghlama Digiteach ?
6. Cad iad na spriocanna atá aitheanta don bhliain seo mar atá leagtha amach i bplean foghlama digiteach na scoile againn faoi láthair? Cad iad na teicneolaíochtaí (i.e. trealamh TFC agus Bonneagar TFC) is féidir tacú leis an scoil ár bhfíís a bhaint amach?
7. Cén chomhairle agus cad iad na tacaíochtaí a bhaineann le teicneolaíocht dhigiteach is féidir linn a rochtain chun cabhrú linn, agus cé atá freagrach astu?
8. Conas a dhéanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar ár bplean foghlama digiteach?

3. Treoir don Trealamh agus don Bonneagar is féidir a cheannach faoin Scéim Deontas TFC

- Gléasanna Ríomhaireachta a Mhúineadh: D’fhéadfadh ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó gléasanna hibrideacha a bheith san áireamh (le tabhairt faoi deara, tá meicníocht íostarraingthe díreach do scoileanna chun Ríomhairí Deisce, ríomhairí glúine agus gléasanna hibrideacha a cheannach ar fáil ag www.spu.ie chun an próiseas a dhéanamh níos sruthlínithe agus níos indéanta Féadfaidh siad trealamh le haghaidh soláthar DCG a áireamh.
- Gléas Ríomhaireachta Comhroinnte do Mhic Léinn: D’fhéadfadh ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó gléasanna hibrideacha a bheith san áireamh. Féadfaidh trealamh le haghaidh soláthar DCG a bheith san áireamh leo seo.
- Teilgeoirí lena n-áirítear gearrchaitheamh nó caitheamh fada, idirghníomhach nó scáileáin réidh idirghníomhacha (IFS)
- Trealamh líonraithe (m.sh. líonrú fosaithe agus gan sreang, lena n-áirítear cáblaí, lasca agus suiteáil)



- Uirlisí agus feidhmchláir néalbhunaithe chun tacú leis an bhfoghlaim
- Ardáin foghlama – is feidhmchláir néalbhunaithe iad seo de ghnáth a úsáidtear chun tacú leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama.
- Bogearraí, aipeanna, uirlisí agus trealamh áitiúil chun tacú leis an bhfoghlaim.
- Trealamh TFC Eile: D'fhéadfadh gnéithe TFC atá ábhartha agus oiriúnach don fheidhm a úsáid chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú a bheith san áireamh anseo. Áirítear ar liosta táscach (ach nach bhfuil sé uileghabhálach) trealamh closamhairc cosúil le físcheadaraí, cainteoirí, teicneolaíochtaí idirghníomhacha do chur i láthair, amharcléiritheoirí, agus trealamh lena n-áirítear tralaithe ríomhaire glúine/táibléad soghluaiste, printéirí agus freastalaí scoile.
- Is féidir an maoiniú a úsáid freisin chun soláthar a dhéanamh do chothabháil agus deisiú trealamh a cheannaítear leis an maoiniú seo.

Seomraí ranga nó limistéir teagaisc eile:

- Caithfidh múinteoirí sna seomraí ranga rochtain a bheith acu ar ríomhaire teagaisc oiriúnach, agus ar theilgeoir digiteach nó ar scáileáin réidhe idirghníomhacha (IFS).
- Is ag an scoil amháin atá roghnú an ríomhaire teagaisc, ach is féidir ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, táibléid, gléasanna hibrideacha nó teaghlaim díobh seo a áireamh.

Seomraí Ríomhaireachta (má bhaineann):

- Ba chóir go mbeadh ríomhaire teagaisc, ríomhairí na mac léinn (ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, nó táibléid), printéir agus teilgeoir digiteach nó scáileáin réidhe idirghníomhacha (IFS) feistithe i ngach seomra ríomhaireachta.
- Is ag an scoil amháin atá roghnú an ríomhaire don mhac léinn. Féadfaidh scoileanna ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, táibléid nó teaghlaim díobh seo a úsáid.

Nósanna Imeachta Tairisceana agus Coimeád Taifead

Caithfidh gach ceannach a bheith de réir Nósanna Imeachta Tógáil i Seilbh Phoiblí. Ba cheart dul i ngleic le Creatlacha ceannaigh TFC atá ann cheana féin agus leas a bhaint astu de réir mar a shimplíonn siad an próiseas chun trealamh TFC a cheannach do scoileanna. Tá treoracha chun cabhrú le scoileanna ordú a dhéanamh ag baint úsáid as meicníocht Chreatlaí le fáil i dTreoirínte an OGP. Ba chóir do scoileanna dul i dteagmháil le hAonad Soláthair na Scoileanna le haghaidh tuilleadh eolais agus tacaíocht de réir mar is gá ag www.spu.ie. Ba cheart cúram a ghlacadh go gcuirfear sonraíochtaí teicniúla comhionanna faoi bhráid na ndíoltóirí ag an am a n-iarrtar meastacháin scríofa.

Tá meicníocht dhíreach tharraingthe anuas bunaithe ag an OGP, i gcomhairle leis an Aonad Soláthair Scoileanna, an ETBI, agus PDST-TiE go bhféadfaidh scoileanna ríomhairí Deisce agus Glúine, agus Feistí Hibrideacha a cheannach, rud a chiallaíonn nach mbíonn ar scoileanna meastacháin a fháil. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.spu.ie.



Tá eolas ar Chreatlacha ICT reatha ar fáil ag www.spu.ie. Chun naisc a rochtain ar shuíomh an OGP, ba cheart do scoileanna clárú mar cheannaitheoirí ar shuíomh Gréasáin Soláthair OGP www.ogp.gov.ie.

Nuair a bhíonn trealamh á cheannach nach bhfuil aon chreatlach TFC ann dó, moltar do scoileanna dul i dteagmháil leis an Aonad Soláthair Scoileanna chun tuilleadh comhairle agus eolais a lorg. Ba chóir do scoileanna freisin tagairt a dhéanamh do chomhairle an PDST um Theicneolaíocht san Oideachas maidir lena riachtanais theicniúla: <http://www.pdstteicneolaíochtsanoideachas.ie/en/Teicneolaíocht>, ansin an luach is fearr ar airgead a lorg trí mheastacháin scríofa a aimsiú de réir rialacha soláthair poiblí.

Ba chóir do scoileanna tagairt a dhéanamh do dhoiciméad an Aonaid Soláthair Scoile um Threoir do Scoileanna ar Dhea-Chleachtais Soláthair atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an SPU www.spu.ie agus eolas ón Oifig um Sholáthar Rialtais ag www.ogp.gov.ie.

Ról an Bhoird Bainistíochta

Caithfidh an Bord Bainistíochta sraith nósanna imeachta a bhunú a rialaíonn ceannach agus ba chóir go leagfadh sé amach na socruithe maidir le tairiscint agus ceannach earraí, íocaíocht sonrasc agus cothabháil taifead cuntasáíochta. Tá na rialacha seo leagtha amach go soiléir sa Treoir do Scoileanna ar Dhea-Chleachtais Soláthair atá ar fáil le híoslódáil ón nasc seo - <https://www.spu.ie/publications-2/procurement-guide/>.

Tacaíocht agus Faisnéis

Pleanáil Foghlama Digiteach

- Tá eolas ar Phleanáil Foghlama Digiteach do scoileanna le fáil ag <https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Pleanáil/> (agus tríd an suíomh Gréasáin tiomnaithe <https://www.dlpleanáil.ie/>, gréasáin dlpleanáil.ie atá forbartha chun tacú le scoileanna teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú).
- Má tá ceisteanna sonracha ag scoileanna maidir le Pleanáil don Fhoghlaim Dhigiteach, is féidir leat dul i ngleic leo trí <https://www.dlpleanáil.ie/contact/>

Treoir TFC agus faisnéis

- Tá comhairle TFC ar theicneolaíochtaí oiriúnacha le fáil ag <http://www.pdstteicneolaíochtsan oideachas.ie/en/Teicneolaíocht>.
- Má tá ceisteanna sonracha ag scoileanna maidir le comhairle TFC is féidir na ceisteanna sin a chur ar ríomhphost chuig ictadvice@pdst.ie.



Acmhainní do mhúinteoirí a úsáideann teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc agus don fhoghlaim

- Soláthraíonn Tairseach oifigiúil na Roinne d'oideachas na hÉireann (www.Scoilnet.ie) breis is 23,000 acmhainn dhigiteacha ardcháilíochta ailínithe le curaclam na bunscoile agus na sonraíochtaí ábhar iar-bhunscoile ar féidir le múinteoirí úsáid a bhaint astu don teagasc agus don fhoghlaim.
- Tá físeáin a thaispeánann dea-chleachtas in úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le roinnt cineálacha cur chuige agus modheolaíochtaí teagaisc ar fáil ag <https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Dea-Chleachtas/Físeáin/> Más mian leat físeáin a roinnt de dhea-chleachtas maidir le leabú teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim i do scoil, seol ríomhphost gearr ag cur síos ar do chleachtas chuig technologyineducation@pdst.ie
- Tá ábhar coimeádta, atá forbartha ag PDST, chun tacú le scoileanna agus múinteoirí atá ag gabháil don chianfhoghlaim ar fáil ag <https://www.pdst.ie/distancelearning>
- Tá faisnéis, comhairle agus acmhainní oideachais saor in aisce a théann i ngleic le raon saincheistanna agus imní faoi shábháilteacht idirlín, do dhaoine óga, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí ar fáil ag <https://www.webwise.ie/>.

FGL

- Is féidir faisnéis a bhaineann le forbairt ghairmiúil ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú a rochtain ar <https://www.pdstteicneolaíochtsanoideachas/ga/Oiliúint/>, <https://múinteoircpd.ie/>, <https://www.pdstteicneolaíochtsanoideachas.ie/en/Pleanáil/Scoil-bhunaithe%20Tacaíocht/> trí d'ionad oideachais áitiúil www.esci.ie agus trí bhealaí meán sóisialta ábhartha na n-eagraíochtaí seo
- Déanfar forbairt ghairmiúil bhreise ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú agus cuirfear ar fáil í thar thréimhse na Straitéise.

Suíomhanna gréasáin eile

Tá suíomhanna gréasáin eile ann a chuireann comhairle agus faisnéis chabhrach ar fáil maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú:

- <http://ncse.ie>
- <http://www.jct.ie> agus www.sraithshóisearach.ie/
- <http://www.ncca.ie/ga/>

Críoch